V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10714 – VGRD / SÓCMHAINNÍ AUTO-HOLDING DRESDEN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 206/04)

1. An 13 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([1]) ón gComhairle.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— VGRD GmbH ("VGRD", an Ghearmáin), fochuideachta ar lánúinéireacht ag Volkswagen AG (VW AG), a bhaineann le Grúpa Volkswagen,

— sócmhainní áirithe de chuid Auto-Holding-Dresden ("an Sprioc-chuideachta", an Ghearmáin), a bhaineann le Auto-Holding-Dresden (an Ghearmáin).

Gheobhaidh VGRD rialú aonair ar an Sprioc-chuideachta ina hiomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibríonn VGRD áitribh chun gluaisteáin a dheisiú agus comhlachtaí díoltóireachta gluaisteán sa Ghearmáin. Tá Grúpa VW, lena mbaineann VGRD, gníomhach ar fud an domhain maidir le gluaisteáin paisinéirí, feithiclí tráchtála éadroma, trucailí, busanna, cóistí, fonnadh do bhusanna agus d'innill díosail, agus gluaisrothair a fhorbairt, a mhonarú, a mhargú agus a dhíol, lena n-áirítear páirteanna spártha agus gabhálais do gach ceann acu,

— Tá sé ionad díoltóireachta VW ag an sprioc-chuideachta i limistéar uirbeach Dresden, an Ghearmáin, agus tá siad gníomhach den chuid is mó in imdháileadh miondíola na ngluaisteán paisinéirí agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua agus athláimhe de chuid Bhrandaí Ghrúpa VW, páirteanna spártha OEM de bhranda VW, páirteanna spártha neamh-OE agus seirbhísí gaolmhara.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10714 – VGRD / SÓCMHAINNÍ AUTO-HOLDING DRESDEN

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË